



An Bhruiséil, 30 Samhain 2023
(OR. en)

16107/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0171(COD)**

**TRANS 544
MAR 158
CODEC 2311
OMI 85
IA 329
DROIPEN 171
ENV 1400**

TUARASCÁIL

| | |
|-------------------------------|--|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15667/23 + COR 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10119/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe – <i>Cur chuige ginearálta</i> |

I. RÉAMHRÁ

1. An 1 Meitheamh 2023, tharchuir an Coimisiún an togra thuasluaite chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
2. Baineann an togra le leasú ar Threoir 2005/35/CE¹ maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe.

¹ IO L 255, 30.9.2005, lch. 11.

3. Le Treoir 2005/35/CE rialaítear pionóis as sceitheadh neamhdhleathach ola agus substaintí leachtacha díobhálacha ó longa ar muir. Is éard is sceitheadh neamhdhleathach ann ná sceitheadh ó long nach gcomhlíonann rialacha ábhartha na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), i.e. na caighdeáin atá leagtha síos sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol 73/78). Is é príomhchuspóir na Treorach na caighdeáin idirnáisiúnta sin a ionchorprú i ndlí an Aontais agus a áirithiú go mbeidh na daoine atá freagrach as sceitheadh neamhdhleathach substaintí truaillitheacha faoi réir pionóis athchomhairleacha, éifeachtacha agus chomhréireacha chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí agus chun an mhuirthimpeallacht a chosaint ar thruailliú ó longa.
4. Seo a leanas na príomhchuspóirí sonracha atá ag an athbhreithniú ar an Treoir: caighdeáin idirnáisiúnta a ionchorprú i ndlí an Aontais tríd an Treoir a ailíniú le hIarscríbhinní Marpol maidir le sceitheadh isteach san fharraige; chuige sin, mhol an Coimisiún an raon feidhme atá ann faoi láthair a leathnú, nach gcumhdaíonn ach ola (Iarscríbhinn I a ghabhann le Marpol) agus substaintí leachtacha díobhálacha ar an mórchoir (Iarscríbhinn II), chuig substaintí díobhálacha a iompraítear ar muir i bhfoirm phacáistithe (Iarscríbhinn III), séarachas ó longa (Iarscríbhinn IV), dramhaíl ó longa (Iarscríbhinn V) agus iarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite (cuid d'Iarscríbhinn VI);
- chun forálacha a bhaineann le pionóis choiriúla a bhaint ar mhaithe le comhleanúnachas dlíthiúil leis an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil (atá á caibidil faoi láthair);
 - chun a áirithiú go mbeidh daoine (daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha) atá freagrach as sceitheadh neamhdhleathach ó longa faoi réir pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha;
 - chun tacú leis na Ballstáit trí fhorbairt a dhéanamh ar a gcumas teagmhais truaillithe a bhrath, fianaise a fhíorú agus a bhailiú agus pionós a ghearradh go héifeachtach ar chiontóirí aitheanta ar bhealach tráthúil agus comhchuibhithe;
 - chun simpliú agus tuairisciú éifeachtach maidir le teagmhais truaillithe ó longa agus gníomhaíochtaí leantacha a áirithiú.

5. Tá an togra ar cheann de thionscnaimh an Aontais atá dírithe ar thruailliú ó iompar muirí ina chuid farraigí a laghdú agus tá sé i gcomhréir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Chliste agus Inbhuanaithe¹ agus leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach². Tá sé mar chuid de Phacáiste Sábháilteachta Muirí an Choimisiúin³.
6. Bhí measúnú tionchair agus tuarascáil mheastóireachta ag gabháil leis an togra⁴. Cuireadh an measúnú tionchair i láthair agus rinneadh é a scrúdú go críochnúil ag ceann de na cruinnithe a bhí ag an meitheal, agus níor chuir na toscaireachtaí in iúl go raibh aon ábhar mór inní ann dóibh.

II. SCRÚDÚ ARNA DHÉANAMH AG NA hINSTITIÚIDÍ EILE

7. An 7 Iúil 2023, cheap an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) i bParlaimint na hEorpa Marian-Jean Marinescu (EPP, an Rómáin) mar rapóirtéir. Ghlac Coiste TRAN an dréacht-tuarascáil an 16 Samhain 2023 agus chinn sé dul i mbun caibidlíocht idirinstiúideach.
8. An 20 Meán Fómhair 2023, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra⁵. An 23 Meitheamh 2023, chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan aon tuairim a thabhairt uaidh.
9. Ghlac Teach Ionadaithe na hIodáile tuairim fhabhrach maidir le cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta an 28 Meán Fómhair 2023⁶.

III. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

10. Scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra ag ceithre chruinniú, ag tosú an 7 Samhain 2023.

¹ 14012/20 + ADD 1

² 8753/21

³ 10160/23

⁴ 10119/23 ADD 2 REV 1 + ADD 3 REV 1 + ADD 4.

⁵ 13364/23

⁶ 13859/23

11. Ag an gcrúinniú a bhí aige an 29 Samhain 2023, dhearbhaighimh nigh Coiste na mBuanionadaithe go dtacaíonn sé leis an gcomhréiteach is déanaí agus mhol sé go dtiocfadh an Chomhairle ar chur chuige ginearálta ag an gcrúinniú a bheidh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 4 Nollaig 2023.
12. Chuir na toscaireachtaí go léir in iúl go dtacaíonn siad go ginearálta le cuspóirí an togra ón gCoimisiún, ar mhaithe le cosaint na muirthimpeallachta.
13. Mar sin féin, bunaithe ar bharúlacha ó na Ballstáit, tá gá le roinnt athruithe ar an togra ón gCoimisiún. Is é is aidhm do cuid mhór de na hathruithe sin soiléireacht agus comhleanúnachas a áirithiú, agus go leor solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit nuair a bheidh an Treoir á cur chun feidhme acu, agus na difríochtaí idir córais dlí na mBallstát, a suíomh geografach, a n-acmhainní agus a gcumais á gcur san áireamh. Tugtar aird ar na hathruithe a rinneadh ó thaobh substainte de thíos.
14. Chuir a lán toscaireachtaí in iúl go raibh inní orthu maidir leis an teorannú idir pionóis riaracháin agus pionóis choiriúla, agus maidir leis an nasc idir an togra seo agus an dréacht-Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil. Molann an Uachtaránacht roinnt athruithe chun soiléiriú a thabhairt maidir leis an tsaincheist seo: mar shampla, cuireadh an focal ‘riarachán’ isteach roimh ‘pionóis’ i dteideal nua na Treorach agus i dteideal Airteagal 8 araon; chomh maith leis sin, tugann aithris 9 (athdreachtaithe) dearbhú breise nach mbainfidh an togra ach le pionóis riaracháin agus mínítear an gaol leis an dréacht-Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil.
15. A mhéid a bhaineann leis na sainmhínithe (Airteagal 2), ní mholtar ach roinnt coigeartuithe nó ceartúchán.
16. Mhol an Coimisiún dhá airteagal, ceann amháin dar teideal ‘Sárúithe’ (Airteagal 4), agus ceann amháin dar teideal ‘Eisceachtaí’ (Airteagal 5). D’eascair mearbhall áirithe as sin, toisc gur thagair Airteagal 4, mar a dhréachtaigh an Coimisiún é, ní hamháin do shárúithe ach freisin do chuid de na heisceachtaí in Marpol 73/78 i gcás nach measfar gur sárú é sceitheadh substaintí truaillitheacha, agus rinneadh tagairt do limistéir farraige áirithe (in Airteagal 3) in Airteagal 5 i gcás nach measfar gur sárú é an t-urscaoileadh, faoi choinníollacha áirithe, faoi Iarscríbhinní I, II agus VI a ghabhann le Marpol 73/78. Dá bhrí sin, molann an Uachtaránacht Airteagal 4 agus 5 a chur le chéile (Airteagal 5 le scríosadh), agus tagairtí d’eisceachtaí breise in Marpol 73/78 agus d’eisceachtaí sa Chód Idirnáisiúnta um Longa a Oibriú in Uiscí Polacha (Cód Polach) a chur isteach.

17. A mhéid a bhaineann le dhliteanas, molann an Uachtaránacht raon feidhme na Treorach a leathnú trí thagairt a dhéanamh, in Airteagal 4(2), ní do ‘daoine nádúrtha agus dlítheanacha’ mar a mhol an Coimisiún, ach do ‘aon chuideachta’ nó ‘aon chuideachta a d’fhéadfaí a chur faoi dhliteanas i leith sárú a dhéanamh’. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaí aon eintiteas nó duine a chur faoi dhliteanas i leith urscaoileadh neamhdhleathach. Tá foráil an-chosúil in Airteagal 8(2). Go ginearálta, agus tagairt á déanamh d’Airteagal 8 (‘Pionóis riaracháin’), lena gceanglaítear ar na Ballstáit córas pionós riaracháin (lena n-áirítear fíneálacha) a leagan síos i leith sáruithe, rinne an Uachtaránacht iarracht teacht ar réiteach cothrom lena gcuirtear san áireamh na córais éagsúla dlí sna Ballstáit, lena n-áirítear na Ballstáit sin a bhfuil deacrachtaí acu, ar chúiseanna bunreachtúla, foráil a dhéanamh do phionóis riaracháin (féach Airteagal 8(4)).
18. Foráil thábhachtach íogair eile is ea Airteagal 8d (‘Na pionóis a chur i bhfeidhm go héifeachtach’). Leagtar amach san airteagal sin roinnt imthosca ábhartha nach mór d’údaráis inniúla a chur san áireamh agus cineál agus leibhéal an phionóis riaracháin á gcinneadh agus á gcur i bhfeidhm i gcás duine atá faoi dhliteanas. Mheas na Ballstáit go raibh an t-airteagal seo, mar a mhol an Coimisiún é, rótheorannach agus rósriantach. Dá bhrí sin, molann an Uachtaránacht go mbeadh an t-airteagal níos solúbtha trína chur in iúl go bhféadfaidh na húdaráis inniúla liosta táscach de na himthosca a chur san áireamh (‘lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dó’). Scríosadh an critéar maidir le leibhéal ciontacht an duine atá faoi dhliteanas (Airteagal 8ú(1)(b)), toisc gur measadh go gcuireann sé isteach ar dhlí nós imeachta na mBallstát. Mhol an Coimisiún freisin go bhféadfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na critéir a bheidh le breithniú ag na Ballstáit agus pionóis á gcur i bhfeidhm acu (Airteagal 8ú(2)). Scriostar an fhoráil sin, toisc go measann na Ballstáit gur cheart critéir thábhachtacha mar sin a bheith luaite sa Treoir féin.

19. Baineann an t-athrú is tábhachtaí a mholtar in Airteagal 10 (‘Faisnéis agus taitní a mhalartú’) le mír 1(d). Sa chás sin, mhol an Coimisiún go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhfíoróidh na húdaráis inniúla 10 % ar a laghad de na foláirimh arna seoladh ag an tSeirbhís Shatailítbhunaithe Eorpach um Bhrath Truailithe (CleanSeaNet) gach bliain. Tá tuairimí éagsúla ag na Ballstáit maidir leis an bhforáil sin. Bhí roinnt Ballstát in ann glacadh leis an ráta fíorúcháin 10 %, d’fhéadfadh Ballstáit eile glacadh le réimse (5-15 %), agus bhí Ballstáit eile ann ar bhfearr leo, ar deireadh, nach ndéanfaí aon tagairt do chéatadán áirithe nó go scriosfaí an fhoráil. Tá cur chuige cothrom solúbtha á mholadh ag an Uachtaránacht: ar an gcéad dul síos, ní bhainfeadh an fíorú ach leis na foláirimh is iontaofa (‘Aicme A’); ar an dara dul síos, ní thagródh an fhoráil ach do ‘chéatadán áirithe’; agus ar an tríú dul síos, is faoi na Ballstáit a bheadh sé, de réir a gcumas, céatadán a chinneadh le haghaidh gach bliana. Ar deireadh, sonraíodh cad is brí le ‘fíorú’, a mhínítear arís in aithris 13, chomh maith le hoibleagáid an céatadán a chur in iúl don Choimisiún chun intuarthacht áirithe a áirithiú.
20. De réir Airteagal 10a (‘Tuairisciú’), bunóidh an Coimisiún uirlis tuairiscithe leictreonach, chun faisnéis a bhailiú agus a mhalartú. Molann an Uachtaránacht roinnt modhnuithe i ndáil leis seo chun an t-ualach riaracháin atá ar na Ballstáit a laghdú trí amlínte níos réasúnta a thabhairt le haghaidh an tuairiscithe: ní bheadh gá le tuairisciú go dtí go dtabharfaí na himeachtaí go léir chun críche agus a luaithe is féidir tar éis gníomhaíochtaí éagsúla, ar nós cigireachtaí, a bheith curtha i gcrích.
21. Molann an Uachtaránacht nach gcuirfidh an Coimisiún oiliúint (Airteagal 10b) ar fáil do na húdaráis atá freagrach as an Treoir a bhrath, a fhíorú agus a fhorfheidhmiú ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh Ballstát é sin agus ní ar bhealach a bhainfidh leis na Ballstáit uile. Cuireadh foráil den chineál céanna san áireamh sna tograí reachtacha ar fad a bhaineann leis an bPacáiste Sábháilteachta Muirí a scrúdaíodh go dtí seo.
22. A mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a fhoilsíonn an Coimisiún maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú na Treorach i bhforléargas uile-Aontais (Airteagal 10c), molann an Uachtaránacht nach ndéanfar é sin ach amháin nuair a thabharfar na himeachtaí ábhartha uile chun críche, agus go bhféadfar (ní ‘dhéanfar’) an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir a áireamh. Laghdaítear sin oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát ar an gcaoi sin. Tugtar athruithe comhfhreagracha isteach in Iarscríbhinn II chun go mbeidh an liosta tascach.

23. I gcás Airteagal 10d, a bhaineann le sceithirí a chosaint, molann an Uachtaránacht mionleasuithe ach leasuithe tábhachtacha, eadhon tagairt a dhéanamh do Rialachán RGCS agus na sonraí a thuiriscíonn sceithirí, le cois na sceithirí féin, a chosaint freisin.
24. In Airteagal 12a (‘Meastóireacht agus athbhreithniú’), mhol an Coimisiún go bhféachfadh sé an féidir raon feidhme na Treorach a mhodhnú, más iomchuí, i bhfianaise na gcaighdeán idirnáisiúnta chun truailliú aeir a chosc (e.g. maidir le SO_x agus NO_x) agus i bhfianaise caighdeán eile lena rialaítear sceitheadh ó longa (e.g. carbón dubh, bruscar muirí, cailliúint coimeádán, cailliúint millíní plaisteacha agus torann faoi uisce). I ndáil leis an méid sin, tugann an Uachtaránacht dá haire gur féidir leis an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar na gnéithe ábhartha uile a bhaineann le truailliú ó longa agus a mheastóireacht á déanamh aige. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil cuid de na samplaí faoi dhúspóid, molann an Uachtaránacht foirmlíú níos ginearálta, ina dtagraítear do ‘caighdeán idirnáisiúnta nua nó nuashonraithe maidir le truailliú ó longa a chosc’.
25. Tá inní curtha in iúl ag roinnt Ballstát talamhiata maidir leis an ualach riaracháin nach gá a bhaineann le forálacha áirithe a thrasú sa Treoir, ar forálacha iad nach féidir leo a chur i bhfeidhm go hiarbhir toisc nach bhfuil rochtain acu ar an bhfarraige nó nach bhfuil aon chalafort acu. Dá bhrí sin, molann an Uachtaránacht maolú ar leith maidir le trasú a chur san áireamh i gcás na mBallstát sin nach féidir leo, ar chúiseanna geografacha, forálacha áirithe dea-shainithe a chur i bhfeidhm.
26. Ar deireadh, tá sé beartaithe síneadh go ceann 4 bliana (48 mí) a chur leis an spriocdháta le haghaidh trasú a mhol an Coimisiún (aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe).
27. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte fós ag an Danmhairg. Chuir an Ghréig in iúl gur cúis inní di Airteagail 4 agus 5 a chur le chéile.
28. Ag an gcéim seo sa nós imeachta, coimeádann an Coimisiún forchoimeádas nós imeachta maidir le gach leasú ar a thogra.

29. Thairis sin, tá forchoimeádais ar leith ag an gCoimisiún maidir le hAirteagal 4(2), Airteagal 8(2) agus aithris 9, lena dtugtar le tuiscint – sa togra ón Uachtaránacht má úsáidtear ‘féadfaidh’ – nach mbeidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit forálacha na Treorach a leanúint más duine eile seachas an chuideachta an té atá faoi dhliteanas; measann an Coimisiún go ndéantar raon feidhme na Treorach níos cúinge leis sin, mar go bhforáiltear do pionóis do gach duine nádúrtha nó dlítheanach sa Treoir mar atá sí faoi láthair. Tá amhras mór ar an gCoimisiún freisin maidir le haisiompú an dualgais cruthúnais a scriosadh in Airteagal 8(2), rud a chiallódh go mbeadh an chuideachta faoi dhliteanas mura bhféadfadh sí a léiriú go bhfuil duine éigin eile faoi dhliteanas; de réir an Choimisiúin, cuirfidh an togra ón Uachtaránacht leis an ualach riaracháin atá ar údarais imscrúdaitheacha na mBallstát, ós rud é nach féidir glacadh leis go mbeidh an chuideachta faoi dhliteanas níos mó. Chomh maith leis sin, forchoimeádann an Coimisiún a sheasamh maidir le hAirteagal 5 a scriosadh, na modhnuithe ar Airteagal 8d, faisnéis a fhoilsiú faoi réir shrianta an dlí náisiúnta in Airteagal 10c, an maolú maidir le trasuí i gcás tíortha talamhiata agus an spriocdháta 4 bliana i gcás an trasuí.

IV. CONCLUÍDÍ

30. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle teacht ar *chur chuige ginearálta* maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus maidir le pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe, bunaithe ar an gcomhréiteach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis
choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truailithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁸,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

⁸ IO C....

⁹ IO C....

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm do bheartas muirí an Aontais ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta comhshaoil a chur ar fáil. Is féidir an méid sin a bhaint amach trí choinbhinsiúin, cóid agus réitigh idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus an tsaoirse loingseoireachta dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige á coinneáil.
- (2) Sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc ('Marpol 73/78') déantar foráil maidir le toirmisc ghinearálta ar sceitheadh ó longa ar muir, ach ina theannta sin rialáiltear leis na coinníollacha faoinar féidir substaintí áirithe a sceitheadh sa mhuirthimpeallacht. I Marpol 73/78 tá eisceachtaí maidir le sceitheadh substaintí truaillitheacha atá faoi réir a Iarscríbhinní nach measfar gur sárú iad nuair a chomhlíontar na coinníollacha sonraithe. Na cásanna inar ghníomhaigh iad siúd atá faoi dhliteanas i leith an damáiste le hintinn damáiste a dhéanamh nó go meargánta agus fios acu gur dócha go mbeadh damáiste mar thoradh air, ní dhéanann na hIarscríbhinní sin na cásanna sin a dhíolmhú. Tagraíonn an Treoir seo do shárúithe agus do na heisceachtaí a mbeadh feidhm acu, is é sin na heisceachtaí atá in Marpol 73/78.
- (3) Ó glacadh Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰, rinneadh leasuithe tábhachtacha ar Marpol 73/78 agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis, leasuithe lena cuireadh caighdeán agus toirmisc níos déine i bhfeidhm maidir le sceitheadh substaintí ó longa isteach san fharraige. Ba cheart na hathruithe sin chomh maith leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE a chur san áireamh.

¹⁰ Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis ar shárúithe a thabhairt isteach (IO L 255, 30.9.2005, lch. 11).

- (4) Áirithítear le Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ go seachadfar dramhaíl chuig calafoirt an Aontais, mar a mbailítear í trí shaoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha. Tá forfheidhmiú Threoir 2019/883/CE, in éineacht le Treoir 2005/35/CE, ina phríomhionstraim maidir le truailliú ó longa a chosc. Chun córas forfheidhmiúcháin éifeachtach, comhtháite agus comhleanúnach a áirithiú i leith fhorálacha Threoir (AE) 2019/883 maidir le seachadadh dramhaíola chuig saoráidí glactha calafoirt, ba cheart Treoir 2005/35/CE a leasú lena raon feidhme a leathnú go hIarscríbhinní IV go VI a ghabhann le Marpol 73/78, d'fhonn longa a dhíspreagadh maidir le substaintí atá truaillitheach a sceitheadh go neamhdhleathach isteach san fharraige in ionad iad a sheachadadh i saoráidí glactha calafoirt i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2019/883.
- (5) Ní chumhdaítear faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/883 Iarscríbhinn III a ghabhann le Marpol 73/78 toisc nach ndéantar earraí pacáistithe a chatagóiriú mar dhramhaíl agus, dá bhrí sin, ní dhéantar iad a sheachadadh i saoráidí glactha calafoirt de ghnáth. Ní féidir a chur as an áireamh, áfach, go bhféadfaí substaintí díobhálacha a iompraítear i bhfoirm phacáistithe a chaitheamh thar bord isteach san fharraige go neamhdhleathach. I bhfianaise a bhfuil thuas, ba cheart raon feidhme Threoir 2005/35/CE a leathnú go hIarscríbhinn III a ghabhann le Marpol 73/78. Dá réir sin, ba cheart toirmeasc a chur ar shubstaintí díobhálacha a chaitheamh thar bord faoi Threoir 2005/35/CE, ach amháin má shuíonn na húdaráis inniúla go raibh sé riachtanach chun sábháilteacht na loinge a áirithiú nó chun daoine a shábháil ar muir. I ndáil leis sin, ní áirítear, sa sceitheadh dá dtagraítear sa Treoir seo, dumpáil faoi Choinbhinsiún Londan um Chosc ar Mhuir-Thruailliú trí Fhuíoll agus Ábhar eile a Dhumpáil, 1972, agus Prótacal 1996 a ghabhann leis.

¹¹ Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).

- (6) Áirítear le Marpol 73/78 astaíochtaí ó longa sa sainmhíniú ar sceitheadh in Airteagal 2 de. In Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78, tugtar aghaidh ar thruailliú aeir ó longa a chosc. Le hIarscríbhinn VI agus le treoirlínte comhfhreagracha na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) maidir le Córais Ghlantacháin Gáis Sceite (EGCS) (Rún MEPC.340 (77)), féadfaidh longa EGCS a úsáid mar mhodh malartach um chomhlíonadh chun astaíochtaí ocsaíde sulfair (SO_x) a laghdú. Le hIarscríbhinn VI rialaítear an t-iarmhar ó EGCS trí thoirmeasc a chur ar a sceitheadh ar muir agus trína cheangal go seachadfar iad chuig saoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha (i gcás iarmhar EGCS ó chórais lúbiata). Trasuíonn Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² caighdeáin idirnáisiúnta SO_x i ndlí an Aontais, agus áirithítear le Treoir (AE) 2019/883 go seachadfar iarmhar EGCS i saoráidí glactha calafoirt. Ós rud é go bhféadfadh iarmhar EGCS a bheith ina chúis le truailliú don mhuirthimpeallacht, ba cheart feidhm a bheith ag na pionóis dá bhforáiltear faoi Threoir 2005/35/CE i gcás sceitheadh neamhdhleathach.
- (6a) D'fhéadfaí na 'huiscí sceite', mar a shainmhínítear in MEPC.1/Circ.899 agus i Rún MEPC.340(77) araon iad, a scaoileadh go díreach thar bord má tá siad i gcomhréir leis na critéir maidir le cáilíocht uisce sceite a leagtar amach sna treoirlínte maidir le córais glantacháin gáis sceite. Mar sin féin, d'fhéadfadh na huiscí sceite ó EGCS tionchar a imirt ar an éiceachóras fiú amháin más rud é go bhfuil Marpol 73/78 á chomhlíonadh acu. Sa chás sin, féadfaidh an Ballstát srianta nó teorainneacha a fhorchur ar féidir iad a bhunú ar an meastóireacht a dhéantar agus úsáid á baint as an modheolaíocht measúnaithe riosca agus tionchair atá sna treoirlínte a d'fhorbair IMO agus a mholann an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí. Sa chás sin, d'fhéadfadh 'uiscí sceite' EGCS a bheith ina gcúis le truailliú don mhuirthimpeallacht, agus ba cheart feidhm a bheith ag na pionóis riaracháin dá bhforáiltear faoi Threoir 2005/35/CE i gcás sceitheadh neamhdhleathach agus aird chuí á tabhairt ar MEPC.1/Circ.883/Rev.1.

¹² Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (códú) (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58).

- (7) Le Treoir (AE) 2023/xxxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³ áirithítear sainmhínte comhchoiteanna maidir le cionta coiriúla comhshaoil agus áirithítear go mbeidh smachtbhannaí coiriúla athchomhairleacha éifeachtacha comhréireacha ar fáil i leith cionta comhshaoil tromchúiseacha. Leasaíodh Treoir 2005/35/CE le Treoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴, lenar tugadh pionóis choiriúla isteach maidir le sárúithe áirithe ar Threoir 2005/35/CE agus ba cheart iad sin teacht faoi raon feidhme Threoir (AE) 2023/xxxx feasta. Dá réir sin, ba cheart forálacha Threoir 2005/35/CE a cuireadh isteach nó ar glacadh a n-ionad le Treoir 2009/123/CE a scriosadh de Threoir 2005/35/CE.
- (8) Ba cheart pionóis riaracháin a thugtar isteach agus Treoir 2005/35/CE á trasú a bheith gan dochar do Threoir (AE) 2023/xxxx. Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme fhorfheidhmiú an dlí riaracháin agus choiriúil a shainiú maidir le cionta truaillithe ó longa de réir a ndlí náisiúnta. Ní chuirtear cosc leis an Treoir seo ar na Ballstáit bearta níos déine a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, trí fhoráil a dhéanamh maidir le pionóis riaracháin nó choiriúla i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Agus an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2005/35/CE á chur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar le forchur na bpionós coiriúil agus na bpionós riaracháin prionsabail na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear toirmeasc *ne bis in idem*, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal ‘costas an truaillithe ar an truaillitheoir’, de réir mar is infheidhme agus nuair is infheidhme.

¹³ IO L xxxx.

¹⁴ Treoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus maidir le pionóis ar shárúithe a thabhairt isteach (IO L 280, 27.10.2009, lch. 52).

(9) Ba cheart na pionóis dá bhforáiltear le Treoir 2005/35/CE a neartú trína áirithiú go gcuirfear pionóis riaracháin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Chun éifeacht iombhagartha na bpionós a fhorchuirtear i leith cionta truaillithe ó longa a neartú, ba cheart na pionóis riaracháin sin a bheith i bhfoirm fineálacha ar a laghad a fhorchuirtear ar chuideachta na loinge i gcás inar cinneadh go raibh an chuideachta faoi dhliteanas. Féadfaidh na Ballstáit fineálacha a fhorchur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile freisin nuair a chinntear go bhfuil siad faoi dhliteanas i leith an tsáraithe. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn cuideachta loinge úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, mar shampla an bainisteoir nó an cairtfhostóir lánchostais, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ó úinéir na loinge, i gcomhréir leis an gCód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc ('Cód ISM')¹⁵, arna chur chun feidhme i ndlí an Aontais de bhua Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶. Ba cheart go n-aithneofaí le Treoir 2005/35/CE go bhféadfadh an t-úinéir cláraithe bainistiú na loinge a tharmligean chuig eintiteas eile, agus ba cheart go gcuirfí an fhreagracht ar an eintiteas sin ansin ar an gcéad dul síos má theipeann air oibleagáidí faoi Chód ISM lena áirithiú nach ndéanfar damáiste don chomhshaol a chur chun feidhme nó go ndéanfar oibríochtaí ar bord loinge a shannadh do phearsanra cáilithe. Gan dochar do reachtaíocht is infheidhme an Aontais, leanfaidh an cinneadh maidir leis an gcineál pionóis is éifeachtaí atá le cur i bhfeidhm, bíodh sé ina phionós coiriúil nó riaracháin, de bheith ina shaincheart ag an mBallstát. I gcás pionóis choiriúla, cloíonn an Ballstát leis na hoibleagáidí a leagtar amach i dTreoir (AE) 2023/xxxx, an Treoir athbhreithnithe maidir le Coireacht Chomhshaoil. Dá réir sin, ní bhaineann an Treoir seo le pionóis riaracháin agus ní bhaineann sé le himeachtaí coiriúla i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

¹⁵ An Cód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc arna ghlacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le Rún A.741 (18) ón Tionól an 4 Samhain 1993, arna leasú.

¹⁶ Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3051/95 ón gComhairle (IO L 64, 4.3.2006, lch. 1).

- (9a) Ag aithint dóibh nach féidir le roinnt Ballstát an ceanglas maidir le pionóis riaracháin a chomhlíonadh mar gheall ar an dlí bunreachtúil náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit na forálacha maidir le pionóis riaracháin atá sa Treoir seo a chur i bhfeidhm ar bhealach go ndéanfadh an t-údarás inniúil na fineálacha a thionscnamh agus go ndéanfadh na cúirteanna náisiúnta inniúla iad a fhorchur, agus an gá le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha á áirithiú ag an am céanna. Agus tagairt á déanamh ar an gcaoi sin do phionóis riaracháin na Treorach seo, cuirfidh na Ballstáit sin pionóis i bhfeidhm de réir bhrí a gcórais dlí náisiúnta.
- (9b) D'fhéadfadh neamhrialtachtaí agus faisnéis eascairt as cigireacht um rialú arna déanamh ag stát an chalafoirt faoi Threoir 2009/16/CE nuair atá sé éigeantach nó nuair atá sé sceidealaithe. D'fhéadfaí neamhrialtachtaí a bhrath freisin i ndáil le seachadadh dramhaíola a ghintear ar longa, nó i ndáil le fógra a thabhairt ina leith, mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) 2019/883 nó i ndáil le neamhchomhlíonadh na gcritéar maidir le húsáid córas glantacháin gáis sceite a oibrítear mar mhodhanna laghdaithe astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/802, chomh maith le faisnéis a fuarthas maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha na loinge a fhaightear trí na nósanna imeachta dá bhforáiltear i dTreoir 2002/59/CE, lena n-áirítear aon chruthúnas nó fianaise toimhdean maidir le sceitheadh ola nó sárúithe eile ar Marpol 73/78 a cuireadh in iúl don Bhallstát nó teagmhais nó tionóiscí arna dtuairisciú ag máistir na loinge.
- (10) Ba cheart do na húdaráis náisiúnta riaracháin agus bhreithiúnacha na himthosca ábhartha go léir a chur san áireamh agus leibhéal na bpionós atá le forchur ar an truaillitheoir á chinneadh acu. Agus aird á tabhairt ar chineál éagsúil na substaintí truaillitheacha a chumhdaítear faoi Threoir 2005/35/CE agus ar a thábhachtaí atá sé pionóis a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais i bhfianaise chineál trasteorann an iompair rialáilte, d'fhéadfadh comhfhogasú breise agus éifeachtacht leibhéil na bpionós a chothú trí mhalairt tuairimí faoi chritéir maidir le pionóis a chur i bhfeidhm i leith sceitheadh substaintí truaillitheacha éagsúla.

- (11) I gcás ina gceapann Ballstát go ndearna long atá laistigh dá chalafort nó ag críochfort amach ón gcósta ar bhonn deonach sceitheadh neamhdhleathach, ba cheart cigireacht iomchuí a dhéanamh chun na himthosca a shuí. Chun cuidiú leis na Ballstáit lena n-oibleagáidí faoi Threoir 2005/35/CE cigireacht a dhéanamh ar na longa sin, soláthraítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/35/CE liosta táscach de neamhrialtachtaí nó d'fhaisnéis ba cheart d'údarais inniúla a chur san áireamh de réir an cháis agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart a mheas go bhfuil long faoi amhras.
- (12) Níor leor na bearta tionlacain le haghaidh comhair agus oibleagáidí um thuairisciú na mBallstát go dtí seo chun go mbeifear ábalta anailís iomlán a dhéanamh i dtaobh an bhfuil pionóis éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha á bhforchur ar thruaillitheoirí agus an gcuirfear sonraí leordhóthanacha ar fáil don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE. Chun forfheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach Threoir 2005/35/CE a áirithiú, ba cheart malartú faisnéise agus taithí a éascú trí chomhar feabhsaithe, agus a áirithiú ag an am céanna go gcuirfear sonraí leordhóthanacha ar fáil don Choimisiún chun go bhféadfar faireachán cuí a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE.

(13) An tseirbhís saithilítbhunaithe ‘CleanSeaNet’ atá ann cheana agus lena dtugtar fógra d’údaráis na mBallstát maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha, ba cheart í a fheabhsú a thuilleadh chun faisnéis a chur san áireamh maidir leis na substaintí truaillitheacha breise faoi raon feidhme Threoir 2005/35/CE. Maidir le faisnéis a bhaineann le sceitheadh féideartha nó le sceitheadh iarbhír arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE agus le bunachair sonraí eile de chuid an Aontais um shábháilteacht mhuirí, mar shampla Córas an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí arna bhunú le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷ (‘SafeSeaNet’) agus an Bunachar Sonraí Cigireachta arna bhunú le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸ (‘Thetis’), ba cheart í a chomhtháthú agus a scaipeadh i bhformáid leictreonach sho-úsáidte ar na húdaráis náisiúnta a bhfuil baint acu leis an slabhra forfheidhmiúcháin chun a bhfreagairt thráthúil a éascú. D’fhéadfaí an fhaisnéis sin, nuair a bhaineann sí le sceitheadh iarbhír nó le sceitheadh féideartha iarmhair ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite ó long, a scaipeadh go huathoibríoch, mar shampla tríd an modúl tiomnaithe THETIS arna chur ar bun ag an gCoimisiún faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme 2015/253 (‘THETIS-EU’), chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna ndéanamh i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2016/802. Lena áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit uile faireachán éifeachtach ar chur chun feidhme na Treorach, ba cheart do gach Ballstát ráta fíorúcháin maidir leis na foláirimh Aicme A a sheolann CleanSeaNet a áirithiú laistigh de na chéad 3 bliana ó thrasú na Treorach seo. D’fhéadfadh roinnt mhaith gníomhaíochtaí ó roinnt údaráis inniúla a bheith i gceist le gníomhaíochtaí fíorúcháin, mar shampla brath satailíte a chur i gcomparáid leis na sonraí cúntacha atá ar fáil go náisiúnta agus cigireachtaí um rialú arna ndéanamh ag stát an chalafoirt. Ba cheart rochtain ar an bhfaisnéis sin a dheonú d’údaráis na mBallstát eile a bhfuil leas acu inti faoina róil mar Stáit chalafoirt an chéad chalafoirt chuarda eile, Stáit chósta a ndéanann an sceitheadh féideartha difear dóibh nó Stáit bhrataí na loinge chun comhar trasteorann éifeachtach agus tráthúil a éascú, chun ualach riaracháin na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a íoslaghú agus chun pionós a ghearradh go héifeachtach ar chiontóirí i gcás sáruithe ar Threoir 2005/35/CE. Ba cheart úsáid teicneolaíochtaí nua mar shampla ladrainn agus teicnící tacaíochta cinnteoireachta, mar shampla an intleacht shaorga, a chothú freisin.

¹⁷ Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

¹⁸ Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú stáit ar chalafoirt (athmhúnlú) (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

- (14) I mí na Nollag 2017, i bhfianaise thús na caibidlíochta idir-institiúidí ar Threoir (AE) 2019/883, cuireadh ar atráth an Foghrúpa maidir le Dramhaíl ó Longa, foghrúpa a bunaíodh faoi Fhóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe agus inar tháinig raon leathan saineolaithe i réimse an truaillithe ó longa agus an bhainistithe dramhaíola ó longa le chéile. Ba cheart don Choimisiún leanúint d'fhoráil a dhéanamh d'eagrú an mhalartaithe taithí idir údarais náisiúnta na mBallstát agus saineolaithe, lena n-áirítear iad siúd ón earnáil phríobháideach, ón tsochaí shibhialta agus ó cheardchumann, maidir leis an Treoir seo a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais, d'fhonn cleachtais choiteanna a bhunú maidir leis an Treoir seo a fhorfheidhmiú.
- (15) [...]
- (16) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis is gá a thuairisciú don Choimisiún lena áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE. Chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin agus chun cuidiú leis an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na sonraí a chuireann na Ballstáit ar fáil, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a thuairisciú trí uirlis tuairiscithe leictreonach thiomnaithe. A mhéid a bhaineann an fhaisnéis sin le pionóis a fhorchuirtear ar dhaoine nádúrtha nó a bhaineann le daoine nádúrtha, déanfar an fhaisnéis sin a anaithnidiú. Lena áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE inchomparáide ó thaobh cineáil de i measc na mBallstát agus go mbaileofar í ar bhonn formáid agus nós imeachta comhchuibhithe leictreonach le haghaidh tuairiscithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹.
- (16a) Aithnítear go bhfuil teorainn leis an teicneolaíocht atá ar fáil chun fianaise a bhrath, a fhíorú agus a bhailiú i ndáil le sceitheadh substaintí truaillitheacha áirithe ag an bhfoinse. Ba cheart na srianta sin a chur san áireamh agus an Treoir seo á cur chun feidhme agus á forfheidhmiú ag na Ballstáit.

¹⁹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (17) Chun cuidiú leis na Ballstáit a gcumas a fhorbairt maidir le forfheidhmiú éifeachtach Threoir 2005/35/CE ag na húdaráis náisiúnta riaracháin agus bhreithiúnacha, ba cheart don Choimisiún treoir agus oiliúint a sholáthar do na Ballstáit a bhaineann, *inter alia*, leis na modhanna agus na cleachtais is fearr maidir le brath, fíorú agus bailiú fianaise, chomh maith le treoir maidir le forbairtí rialála ábhartha Marpol 73/78 agus maidir le forbairtí teicneolaíochta atá ar fáil, lena n-áirítear uirlisí digiteacha nua, chun gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin atá éifeachtach, costéifeachtach agus spriocdhírthe a éascú.
- (18) Chun feacht an phobail ar sceitheadh ó thruailliú ó longa a mhéadú agus chun feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ba cheart faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2005/35/CE a chur ar fáil go poiblí trí fhorléargas uile-Aontais agus ba cheart go n-áireofaí leis an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/35/CE. Is é is aidhm do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰ an ceart rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil a ráthú sna Ballstáit i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil (Coinbhinsiún Aarhus), ina bhfuil an tAontas ina pháirtí. Ba cheart don Choimisiún rúndacht na faisnéise a fhaigheann na Ballstáit a chosaint, gan dochar d'fhorálacha Threoir 2003/4/CE.
- (19) Le Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹, leagtar síos caighdeán íosta maidir le sáruithe ar dhlí an Aontais a thuairisciú, lena n-áirítear sáruithe ar Threoir 2005/35/CE, agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn na sáruithe sin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, go háirithe, go dtabharfar cosaint don chriú faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/1937 lena dtuairiscítear sceitheadh neamhdhleathach iarbhír nó sceitheadh neamhdhleathach féideartha. Sa bhreis ar na bealaí tuairiscithe atá ann cheana a sholáthraítear ar an leibhéal náisiúnta mar a rialaítear faoi Threoir (AE)2019/1937, ba cheart don Choimisiún bealach tuairiscithe seachtrach láraithe ar líne a chur ar fáil chun sceitheadh neamhdhleathach

²⁰ Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

²¹ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

iarbhir nó sceitheadh neamhdhleathach féideartha a thuairisciú agus na tuarascálacha sin a aistriú chuig an mBallstát nó chuig na Ballstáit lena mbaineann, agus ba cheart dóibh na tuarascálacha sin a láimhseáil ina dhiaidh sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937, lena n-áirítear maidir lena admháil go bhfuarthas iad, maidir le haiseolas leordhóthanach agus maidir le bearta leantacha a dhéanamh ina leith. Ba cheart don Treoir seo a bheith gan dochar do dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²² agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcosnófar rúndacht chéannacht na ndaoine tuairiscithe, lena n-áirítear, i gcás inar gá, trí fheidhmiú chearta áirithe cosanta sonraí na ndaoine lena mbaineann a shrianadh, mar shampla, daoine a áirítear sa tuarascáil mar dhaoine atá rannpháirteach sa sceitheadh neamhdhleathach féideartha, i gcomhréir le hAirteagal 25(1) pointí (c) agus (h) agus Airteagal 25 (2) de Rialachán (AE) 2018/1725, a mhéid agus a fhad is gá chun cosc a chur agus aghaidh a thabhairt ar iarrachtaí bac a chur ar thuairisciú nó ar iarrachtaí bac a chur ar bheart leantach, moill a chur ar bheart leantach nó beart leantach a chur ó rath, go háirithe imscrúduithe, nó ar iarrachtaí céannacht na ndaoine tuairiscithe a fháil amach. Ba cheart do shrianta mar sin bunbhrí na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha a urramú agus ba cheart gur bearta riachtanacha agus comhréireacha iad i sochaí dhaonlathach chun go ndéanfaí cuspóirí tábhachtacha a bhaineann le leas poiblí ginearálta an Aontais nó Ballstáit agus/nó cosaint an ábhair sonraí nó cearta agus saoirsí daoine eile a choimirciú.

- (20) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an [xx xx 2023]²⁴.

²² Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

²³ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

²⁴ IO C xxxx.

- (21) Tá plé leanúnach ar siúl ag an IMO maidir le saincheisteanna comhshaoil nua a bhaineann le loingseoireacht idirnáisiúnta, a mbíonn truailliú uisce agus truailliú aeir mar thoradh uirthi. D'fhéadfadh forálacha nua faoi Marpol 73/78 a bheith mar thoradh ar an bplé sin. Ba cheart féachaint in athbhreithniú amach anseo an féidir raon feidhme Threoir 2005/35/CE a mhodhnú d'fhonn córas forfheidhmiúcháin comhleanúnach, éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú, chomh maith le pionóis athchomhairleacha a fhorchur ina leith.
- (21a) Ní féidir leis na Ballstáit nach bhfuil rochtain dhíreach acu ar an bhfarraige ná ar chalafoirt forálacha áirithe atá sa Treoir seo a chur i bhfeidhm mar gheall ar na cúiseanna geografacha sin. Chun nach gcuirfear ualach riaracháin díreireach ar na Ballstáit sin, níor cheart é a bheith d'oibleagáid orthu cuid d'fhorálacha na Treorach seo a thrasú agus a chur chun feidhme.
- (22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach de bharr an damáiste trasteorann a d'fhéadfadh tarlú de dheasca sceitheadh neamhdhleathach a chumhdaítear leis an Treoir seo agus de dheasca infhaighteacht pionós éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach ar fud an Aontais as sceitheadh dá leithéid ach, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (23) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe, sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun réiteach éifeachtach agus chun triail chóir a fháil, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis, agus an ceart gan duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla mar gheall ar an gcion céanna. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin go hiomlán agus ní foláir í a chur chun feidhme dá réir sin.
- (24) Ba cheart Treoir 2005/35/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2005/35/CE

Leasaítear Treoir 2005/35/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú i ndáil le truailliú ó longa agus pionóis riaracháin a thabhairt isteach do chionta an truaillithe’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Treoir seo caighdeáin idirnáisiúnta maidir le truailliú ó longa a ionchorprú i ndlí an Aontais agus a áirithiú go mbeidh siad siúd atá faoi dhliteanas i leith sceitheadh neamhdhleathach substaintí truaillitheacha faoi réir pionóis riaracháin athchomhairleacha, éifeachtacha agus chomhréireacha chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí agus chun feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil mhuirí ar thruailliú ó longa.
2. Ní chuirtear cosc leis an Treoir seo ar na Ballstáit bearta níos déine a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, trí fhoráil a dhéanamh do phionóis riaracháin nó choiriúla i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.’;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'Marpol 73/78' an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973 agus Prótacail 1978 agus 1997 a ghabhann leis, sa leagan atá cothrom le dáta;
2. ciallaíonn 'substaintí truaillitheacha' substaintí atá faoi réir rialú Marpol 73/78, Iarscríbhinní I (ola), II (substaintí leachtacha díobhálacha ar an mórchóir), III (substaintí díobhálacha a iompraítear ar muir i bhfoirm phacáistithe), IV (camras ó longa), V (bruscar ó longa), agus iarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite;
3. ciallaíonn 'iarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite' aon ábhar a bhaintear as an uisce níocháin nó as an uisce sceite le córas cóireála nó uisce sceite nach gcomhlíonann an critéar maidir le sceitheadh, nó ábhar iarmhair eile a bhaintear as an gcóras glantacháin gáis sceite mar thoradh ar oibriú modha comhlíonta maidir le laghduithe astaíochtaí, mar a shainítear in Iarscríbhinn VI, Rialachán 4, a ghabhann le Marpol 73/78, a úsáidtear mar mhalairt, i dtaobh laghduithe astaíochtaí, ar na caighdeáin a leagtar amach i Rialachán 14 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78, agus na treoirínte a d'fhorbair an IMO á gcur san áireamh;
- 3a. ciallaíonn 'sceitheadh' aon scaoileadh saor ó long ar pé bealach, dá dtagraítear in Airteagal 2 de Marpol 73/78;
4. ciallaíonn 'long' soitheach farraige, gan beann ar a bhratach, d'aon chineál in aon chor a bhíonn ag oibriú sa mhuirthimpeallacht agus áireofar leis duillárthaigh, feithiclí aerchúisín, tumadóirí agus árthaí ar snámh;
5. ciallaíonn 'duine dlítheanach' aon eintiteas dlítheanach a bhfuil an stádas sin aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme, cé is moite de na Stáit féin nó de na comhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú údarás an Stáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí;

6. ciallaíonn 'cuideachta' úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, mar shampla, an bainisteoir nó an cairtfhostóir lánchostais, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ó úinéir na loinge.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'Airteagal 4

Sárúithe agus eisceachtaí

1. Maidir le sceitheadh substaintí truailitheacha isteach in aon cheann de na limistéir a leagtar amach in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit go measfar gur sárú é, mura rud é:
 - (a) maidir le substaintí truailitheacha atá faoi réir rialú Iarscríbhinn I a ghabhann le Marpol 73/78, go comhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Rialacháin 15, 34, 4.1, 4.2, nó 4.3, a ghabhann le Marpol 73/78 agus i roinn 1.1.1 de Chuid II-A den Chód Idirnáisiúnta um Longa a Oibriú in Uisceí Polacha ('Cód Polach');
 - (b) maidir le substaintí truailitheacha atá faoi réir rialú Iarscríbhinn II a ghabhann le Marpol 73/78, go comhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Rialacháin 13, 3.1.1, 3.1.2, nó 3.1.3, a ghabhann le Marpol 73/78 agus i roinn 2.1 de Chuid II-A den Chód Polach;
 - (c) maidir le substaintí truailitheacha atá faoi réir rialú Iarscríbhinn III a ghabhann le Marpol 73/78, go comhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, Rialachán 8.1, a ghabhann le Marpol 73/78;
 - (d) maidir le substaintí truailitheacha atá faoi réir rialú Iarscríbhinn IV a ghabhann le Marpol 73/78, go comhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, Rialacháin 3, 11.1 agus 11.3, a ghabhann le Marpol 73/78 agus i roinn 4.2 de Chuid II-A den Chód Polach;
 - (e) maidir le substaintí truailitheacha atá faoi réir rialú Iarscríbhinn V a ghabhann le Marpol 73/78, go comhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V, Rialacháin 4.1, 4.2, 5, 6.1, 6.2 agus 7, a ghabhann le Marpol 73/78 agus i roinn 5.2 de Chuid II-A den Chód Polach; agus

(f) maidir le hiarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, Rialacháin 4, 14.1, 14.4, 14.6, 3.1.1 agus 3.1.2, a ghabhann le Marpol 73/78, agus na treoirlínte a d'fhorbair IMO á gcur san áireamh, Rún MEPC.340(77) sa leagan atá cothrom le dáta ina measc.

2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá lena áirithiú go mbeidh aon chuideachta, nó iad siúd ar féidir a bheith faoi dhliteanas i leith sárú a dhéanamh de réir bhrí mhír 1, faoi dhliteanas i leith an tsáraithe sin.

3. [...];

(5) Scriostar Airteagal 5;

(6) Scriostar Airteagal 5a;

(7) Scriostar Airteagal 5b;

(7a) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Maidir le long atá i gcalafort nó i gcríochfort amach ón gcósta de chuid Ballstáit ar bhonn deonach, má bhíonn amhras ann de bharr neamhrialtachtaí nó faisnéise go ndearna sí substaintí truailitheacha a sceitheadh in aon cheann de na limistéir dá dtagraítear in Airteagal 3(1) nó go bhfuil sí ag sceitheadh substaintí truailitheacha in aon cheann de na limistéir sin, áiritheoidh an Ballstát sin go ndéanfar an chigireacht iomchuí nó gníomhaíocht iomchuí eile, agus na treoirlínte ábhartha arna nglacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) á gcur san áireamh, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

(8) In Airteagal 6, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Tá liosta táscach de neamhrialtachtaí nó d'fhaisnéis a bhféadfadh cigireacht de réir bhrí mhír 1 a dhéanamh dá mbarr le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.’;

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'Airteagal 8

Pionóis riaracháin

1. Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir (AE) 2023/xxxx²⁵, mar a fhoráiltear in Airteagal 1 agus i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, leagfaidh na Ballstáit síos córas pionós riaracháin maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 4 den Treoir seo agus áiritheoidh siad go gcuirfear na pionóis sin i bhfeidhm. Beidh na pionóis riaracháin dá bhforáiltear athchomhairleach, éifeachtach agus comhréireach.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar sna pionóis riaracháin a thabharfar isteach i dtrasuí na Treorach seo fineálacha a fhorchuirtear ar an gcuideachta tráth an tsáraithe i gcás ina gcinntear go raibh an chuideachta faoi dhliteanas. Is féidir leis na Ballstáit fineálacha a fhorchur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile freisin nuair a chinntear go bhfuil siad faoi dhliteanas i leith an tsáraithe.
3. [...]
4. I gcás nach bhforáiltear i gcóras dlí an Bhallstáit le haghaidh pionóis riaracháin, féadfar an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm sa chaoi is go ndéanfaidh an t-údarás inniúil na pionóis sin, lena n-áirítear na fineálacha a leagtar amach i mír 2, a thionscnamh agus go ndéanfaidh na cúirteanna náisiúnta inniúla iad a fhorchur, agus é á áirithiú acu go mbeidh na leigheasanna dlí sin éifeachtach agus go mbeidh éifeacht choibhéiseach acu ar na fineálacha riaracháin a fhorchuirfidh na húdaráis inniúla. In aon chás, beidh na pionóis a fhorchuirtear i gcomhréir leis an mír seo éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus cuirfear i bhfeidhm iad i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Tabharfaidh na Ballstáit sin fógra don Choimisiún faoi fhorálacha a ndlíthe féin a ghlacann siad de bhun na míre seo faoin [DÁTA] agus, tabharfaidh siad fógra freisin gan mhoill faoi aon dlí leasaitheach nó aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin lena ndéanfar difear do na forálacha sin.';

²⁵ IO L xxxx.

- (10) Scriostar Airteagal 8a;
- (11) Scriostar Airteagal 8b;
- (12) Scriostar Airteagal 8c;
- (13) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 8d

Na pionóis a chur i bhfeidhm go héifeachtach

1. Áiritheoidh na Ballstáit, agus cineál agus leibhéal an pionóis riaracháin ar dhuine nádúrtha nó ar dhuine dlítheanach a mheasann na húdaráis inniúla go bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas, i gcomhréir le hAirteagal 8, i leith sárú de réir bhrí Airteagal 4 á chinneadh agus á chur i bhfeidhm acu, go gcuirfidh na húdaráis inniúla cúinsí ábhartha uile an tsáraithe san áireamh, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta, don mhéid seo a leanas:
 - (a) cineál, tromchúis agus fad an sceite;
 - (b) [...]
 - (c) an damáiste a dhéantar de dheasca na sceite don chomhshaol nó do shláinte an duine;
 - (d) acmhainneacht airgeadais an duine atá faoi dhliteanas;
 - (e) na tairbhí eacnamaíocha a ghintear nó a mheastar a ghinfear don duine atá faoi dhliteanas i leith an tsáraithe;
 - (f) na bearta a rinne an duine atá faoi dhliteanas chun an sceitheadh a chosc nó a thionchair a mhaolú;
 - (g) leibhéal comhair an duine atá faoi dhliteanas leis an údarás inniúil, lena n-áirítear aon bheart arb é is aidhm dó dul timpeall ar chigireacht iomchuí nó ar imscrúdú iomchuí nó bac a chur ar chigireacht iomchuí nó ar imscrúdú iomchuí eile a dhéanann údarás inniúil; agus
 - (h) aon sárú eile maidir le truailliú ó longa arna dhéanamh ag an duine atá faoi dhliteanas.

2. [...];

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'Airteagal 10

Faisnéis agus taithí a mhalartú

1. Chun críocha na Treorach seo, comhoibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún chun faisnéis a mhalartú, ag tógáil dóibh ar Chóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí a leagtar amach in Airteagal 22a(3) agus in Iarscríbhinn III de Threoir 2002/59/CE²⁶ (SafeSeaNet), chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:
 - (a) feabhas a chur ar an bhfaisnéis a theastaíonn chun an Treoir seo a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, go háirithe mar a fhoráiltear leis an tseirbhís shatailítbhunaithe Eorpach um bhrath truaillithe arna bunú leis an Treoir sin (CleanSeaNet) agus sásraí ábhartha eile tuairiscithe, d'fhonn modhanna iontaofa a fhorbairt chun substaintí truaillitheacha san fharraige a rianú;
 - (b) córas rialúcháin agus faireacháin iomchuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena gcomhtháthófar faisnéis arna soláthar faoi mhír (a) le faisnéis arna cur ar fáil ag an gCoimisiún do na Ballstáit in SafeSeaNet agus i mbunachair sonraí agus in uirlisí faisnéise eile de chuid an Aontais, d'fhonn sainaitheint luath agus faireachán luath long a sceitheann substaintí truaillitheacha a éascú, chun féachaint le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta a bharrfheabhsú;
 - (c) an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhréir le mír (a) agus (b) agus arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 10a, chun rochtain agus malartú na faisnéise sin idir údaráis inniúla agus le húdaráis na mBallstát eile agus an Coimisiún a éascú; agus

²⁶ Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

- (d) laistigh de 3 bliana ó dháta thrasúí na Treorach seo, a áirithiú go bhfíoróidh na húdaráis inniúla céatadán áirithe de na foláirimh d’Aicme A a sheolann CleanSeaNet gach bliain de réir chumais na mBallstát, i gcás ina gciallaíonn fíorú gníomhaíochtaí leantacha ar bith a dhéanann údaráis inniúla ar fholáireamh a sheol CleanSeaNet lena fháil amach an bhfuil sceitheadh neamhdhleathach i gceist leis an bhfoláireamh i dtrácht. Cuirfear an céatadán sin in iúl don Choimisiún roimh ré.

2. [...];

(15) Cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘Airteagal 10a

Tuairisciú

1. Bunóidh an Coimisiún uirlis tuairiscithe leictreonach, chun faisnéis a bhailiú agus a mhalartú idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir le cur chun feidhme an chórais forfheidhmiúcháin dá bhforáiltear leis an Treoir seo.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a dhéanann a n-údaráis inniúla a thuairisciú tríd an uirlis tuairiscithe leictreonach dá dtagraítear i mír 1, a luaithe a thabharfar na himeachtaí riaracháin agus, más infheidhme, na himeachtaí dlí, chun críche:
 - (a) faisnéis a bhaineann leis an obair leantach a dhéanann údaráis inniúla maidir le foláireamh a sheol CleanSeaNet nó na cúiseanna nach ndearnadh obair leantach maidir le foláireamh mar sin, a luaithe is féidir ach a gcuirfear na gníomhaíochtaí leantacha i gcrích;
 - (b) faisnéis a bhaineann leis na cigireachtaí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 6, a luaithe is féidir ach a gcuirfear an chigireacht i gcrích;
 - (c) faisnéis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 7, a luaithe is féidir ach a gcuirfear na gníomhaíochtaí sin i gcrích; agus

- (d) faisnéis a bhaineann le pionóis arna bhforchur i gcomhréir leis an Treoir seo, nár taisceadh gearán ina gcoinne in am nó ar pionóis chríochnaitheacha infhorfheidhmithe iad thairis sin, gan moill mhíchuí agus in aon chás, faoin 30 Meitheamh gach bliain maidir le pionóis arna bhforchur le linn na bliana féilire roimhe sin. A mhéid a chuimsítear sonraí pearsanta i bhfaisnéis a bhaineann le pionóis, déanfar an fhaisnéis sin a anaithnidíú.
3. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis an nós imeachta chun an fhaisnéis a luaitear i mír 2 a thuairisciú, lena n-áirítear an cineál faisnéise atá le tuairisciú a shonrú, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 13.
4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na húdaráis atá i dteideal a mbeidh rochtain acu maidir leis an uirlis tuairiscithe a leagtar amach i mír 1.

Airteagal 10b

Oiliúint

Déanfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin ag Ballstát, forbairt acmhainní a éascú trí oiliúint a sholáthar do na húdaráis atá freagrach as sárúithe a bhrath, a fhíorú agus a fhorfheidhmiú faoi raon feidhme na Treorach seo.

Airteagal 10c

Faisnéis a fhoilsiú

1. Gan dochar do reachtaíocht náisiúnta na mBallstát ar bhonn na faisnéise arna tuairisciú acu i gcomhréir le hAirteagal 10a, cuirfidh an Coimisiún forléargas ar fáil go poiblí ar fud an Aontais, ar forléargas é a nuashonrófar go rialta, ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na Treorach seo, ach a ndéanfar na himeachtaí riaracháin agus dlí a thabhairt chun críche nuair is infheidhme. Féadfar a áireamh san fhorléargas an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.
2. Gan dochar do Threoir 2003/4/CE²⁷, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun rúndacht na faisnéise a gheofar i gcur chun feidhme na Treorach seo a chosaint.

Airteagal 10d

Cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe féideartha agus sonraí

1. Déanfaidh an Coimisiún bealach tuairiscithe seachtrach rúnda ar líne a fhorbairt agus a chothabháil chun tuarascálacha a fháil, de réir bhrí Threoir (AE) 2019/1937²⁸, maidir le sáruithe féideartha ar an Treoir seo agus déanfaidh sé na tuarascálacha sin a tharchur chuig an mBallstát nó chuig na Ballstáit lena mbaineann.
2. Na húdaráis inniúla náisiúnta a gheobhaidh tuarascálacha ar sháruithe ar an Treoir seo, arna gcur isteach ar an mbealach dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh siad aiseolas agus go ndéanfaidh siad obair leantach maidir leis na tuarascálacha sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937.

²⁷ Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain poiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

²⁸ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

3. Féadfaidh an Coimisiún, de bhun phointí (c) agus (h) d’Airteagal 25(1) agus i gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2018/1725, cur i bhfeidhm Airteagail 14 go 22, 35, agus 36, chomh maith le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1725²⁹ a shrianadh do na hábhair sonraí atá ina gcuid den tuarascáil, nó atá luaite sa tuarascáil, a cuireadh isteach ar an mbealach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus nach ionann iad agus na hábhair sonraí a bhfuil an tuarascáil sin á cur isteach acu. Ní bheidh feidhm ag an srian sin ach amháin ar feadh na tréimhse is gá chun go ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát imscrúdú ar an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.’;

- (16) Scriostar Airteagal 11;
- (17) Scriostar Airteagal 12;
- (18) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 12a

Meastóireacht agus athbhreithniú

1. Faoi [OF: *Cuir isteach dáta: 5 bliana ó dháta thrasuí na Treorach leasaithe seo*], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo. Beidh an mheastóireacht bunaithe ar an méid seo a leanas ar a laghad:
- (a) an taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme na Treorach seo; agus
- (b) an fhaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 10a agus an forléargas uile-Aontais arna sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 10c.
2. Mar chuid den athbhreithniú, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhféidearthacht raon feidhme na Treorach seo a mhodhnú, más iomchuí, i bhfianaise caighdeáin idirnáisiúnta nua nó nuashonraithe maidir le truailliú ó longa a chosc faoi réir forálacha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo in Marpol 73/78.’

²⁹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

'Airteagal 13

Nós imeachta coiste

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a chosc (COSS), arna bhunú le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002³⁰. Beidh COSS ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011³¹.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus ag Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002.’;

(20) Scriostar Airteagal 14;

(21) Scriostar Airteagal 15;

(21a) In Airteagal 16, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘2. Ní bheidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit sin nach bhfuil rochtain dhíreach acu ar an bhfarraige ná nach bhfuil calafoirt acu forálacha in Airteagail 6 agus 7 den Treoir seo a thrasú agus a chur chun feidhme.’;

(22) Scriostar an t-aon Iarscríbhinn;

³⁰ Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus le thruailliú ó longa a chosc (IO L 324, 29.11.2002, lch. 1).

³¹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (23) Déantar téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a chur isteach mar Iarscríbhinn I;
- (24) Déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a chur isteach mar Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Trasuí

1. Faoin [OF: *Cuir isteach dáta: 4 bliana [48 mí] ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo*], glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt mar sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar na tagairtí sin.

- 1a. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit sin nach bhfuil rochtain dhíreach acu ar an bhfarraige ná nach bhfuil calafoirt acu forálacha Airteagal 1, pointí (7a) agus (8) den Treoir seo a thrasuí agus a chur chun feidhme.
2. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo agus aon leasú nó leasuithe ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Cur i bhfeidhm Threoir 2009/123/CE

Maidir le sárúithe ar cheart a mheas gur cionta coiriúla de bhun Threoir 2005/35/CE arna leasú le Treoir 2009/123/CE³² iad agus leis na pionóis chomhfhreagracha, beidh na Ballstáit nach bhfuil faoi cheangal Threoir (AE) 2023/xxx fós faoi cheangal Threoir 2005/35/CE arna leasú le Treoir 2009/123/CE.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

³² IO L 280, 27.10.2009, lch. 52.

IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH DE NEAMHRIALTACHTAÍ NÓ D'FHAISNÉIS DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 6

- (1) Aon neamhrialtachtaí maidir leis na leabhair taifid ola agus leabhair thaifid ábhartha eile nó maidir le heasnaimh eile a bhaineann le sceitheadh féideartha, a aimsítear le linn cigireachtaí arna ndéanamh faoi Threoir 2009/16/CE³³, arna ndéanamh ag an mBallstát lena mbaineann nó ag Ballstát eile nó ag Stát a shínigh an Meabhrán Tuisceana maidir le Rialú Stáit ar Chalafoirt (Meabhrán Comhthuisceana Pháras) ag calafoirt chuarda na loinge roimhe sin;
- (2) Aon neamhrialtachtaí maidir le dramhaíl a ghintear ar longa a sheachadadh, nó maidir le fógra ina leith sin, mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) 2019/883³⁴ a rinneadh sa Bhallstát lena mbaineann nó i mBallstát chalafoirt chuarda na loinge roimhe sin;
- (3) Aon neamhrialtachtaí maidir le neamhchomhlíonadh na gcritéar maidir le húsáid córas glantacháin gáis sceite a oibrítear mar mhodhanna laghdaithe astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵, a thagraíonn do Threoirlínte 2009 maidir le Córais Glantacháin Gáis Sceite a leagtar amach i Réiteach MEPC.184 (59) arna gcur in ionad Threoirlínte 2021 maidir le Córais Ghlantacháin Gáis Sceite a leagtar amach i rún MEPC.340 (77).
- (4) Aon fhaisnéis a fhaightear ó Bhallstát eile maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha na loinge a fhaightear trí na nósanna imeachta dá bhforáiltear i dTreoir 2002/59/CE³⁶, lena n-áirítear aon chruthúnas nó aon fhianaise thoirmeach maidir le sceitheadh ola d'aon ghnó nó sárúithe eile ar Marpol 73/78 arna chur in iúl ag stáisiúin chósta Ballstáit do na stáisiúin chósta sa Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 16 de nó teagmhais nó timpistí arna dtuairisciú ag máistir na loinge do stáisiún cósta an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 17 de; nó
- (5) Aon fhaisnéis eile ó dhaoine a bhfuil baint acu le hoibriú na loinge, lena n-áirítear píolótaí, lena dtugtar le fios neamhrialtachtaí a bhaineann le sárú féideartha ar na hoibleagáidí faoin Treoir seo.

³³ Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú stáit ar chalafoirt (Athmhúnlú) (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

³⁴ Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glaetha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116)

³⁵ Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (códú) (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58).

³⁶ Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

FAISNÉIS A FHÉADFAR A CHUR SAN FHORLÉARGAS UILE-AONTAIS DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 10C

- (1) Maidir le gach teagmhas truailithe a fhóiríonn agus a dhearbhaíonn Ballstát, féadfar an méid seo a leanas a áireamh san fhaisnéis san fhorléargas uile-Aontais a fhoilsítear i gcomhréir le hAirteagal 10c:
- a. dáta an teagmhais;
 - b. sainathint na loinge a bhfuil baint aici leis an teagmhas;
 - c. suíomh (domhanleithead agus domhanfhad) an teagmhais truailithe;
 - d. méid an teagmhais truailithe (achar agus fad), más infheidhme;
 - e. cineál an truailleáin;
 - f. Ballstát nó Ballstáit nó Ballstáit lena mbaineann;
 - g. tuairisc ar ghníomhaíochtaí fíorúcháin an teagmhais truailithe;
 - h. dáta agus am na ngníomhaíochtaí fíorúcháin agus na sócmhainní arna n-úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí fíorúcháin;
 - i. mionsonraí maidir leis an b pionós riaracháin arna fhorchuir.
- (2) Maidir le gach Ballstát, féadfar an méid seo a leanas a áireamh san fhaisnéis chomhiomlánaithe atá san fhorléargas uile-Aontais arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 10c:
- a. líon theagmhais fhéideartha truailithe CleanSeaNet arna bhrath;
 - b. líon theagmhais fhéideartha truailithe CleanSeaNet arna fhíorú ag an mBallstát;
 - c. líon na dteagmhais truailithe dearbhaithe i ndiaidh an fhíoraithe (mionsonraithe in aghaidh an limistéir: uiscí teorann, limistéar eacnamaíoch eisiach, mórmhuir);
 - d. líon na gciontóirí aitheanta;
 - e. an líon cásanna inar forchuireadh pionós.